Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An tSlí a dToghtar an tUachtarán

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/ tithiocht

1. Réamhrá 3
2. Oifig an Uachtaráin 3
3. Cé a fhéadfaidh a bheith ina Uachtarán? 3
4. Cathain is gá toghchán a bheith ann? 3
5. Cé a fhéadfaidh vótáil i dtoghchán Uachtaránachta? 4
6. Iarrthóirí a ainmniú 5
7. Postas saor in aisce d'iarrthóirí 7
8. Gníomhairí toghcháin a cheapadh 7
9. An vótaíocht 8
10. Socruithe vótála malartacha 8
10.1 Liosta Vótálaithe Poist 8
10.2 Liosta Vótálaithe Speisialta 10
11. Vótáil 12
12. An comhaireamh 13
13. Achainí toghcháin Rochtain ar an gcúirt má bhíonn díospóid ann faoi thoradh toghcháin 14
14. Dul i mbun Oifige 14
15. Síntiúis pholaitíochta 15
16. Caiteachas toghcháin 15
17. Sealbhóirí Oifig an Uachtaráin 16
18. Dlí toghcháin Uachtaránachta 16
19. Bileoga eile 17

An tSlí a dToghtar an tUachtarán

1. Réamhrá

Is treoir phraiticiúil atá i gceist leis an nóta seo. Ní thugann an nóta seo léirmhíniú cinntitheach dlíthiúil ar an dlí toghcháin. Ba chóir duit an dlí a bhaineann le hUachtarán a thoghadh a sheiceáil le haghaidh tuilleadh eolais (féach alt 18 thíos).

2. Oifig an Uachtaráin

Is leis an mBunreacht a bunaíodh oifig Uachtarán na hÉireann. Bíonn tosach ag an Uachtarán ar gach duine eile sa Stát agus feidhmíonn sé nó sí cumhachtaí agus feidhmeanna atá tugtha ag an mBunreacht agus ag an dlí dó nó di. Is ar chomhairle ón Rialtas a chomhlíonann an tUachtarán a chuid nó a cuid feidhmeanna, ach amháin i gcásanna eisceachtúla sonraithe. Níl an tUachtarán freagrach d'aon Teach den Oireachtas ná d'aon chúirt in oibriú agus i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid feidhmeanna, ach tá nós imeachta leagtha síos ag an mBunreacht lenar féidir an tUachtarán a tháinseamh de bharr mí-iompair luaite. Bíonn an tUachtarán in oifig ar feadh seacht mbliana agus ní féidir an tUachtarán a atoghadh ach uair amháin.

3. Cé a fhéadfaidh a bheith ina Uachtarán?

Tá gach saoránach de chuid na hÉireann a bhfuil 35 bliain slánaithe aige nó aici i dteideal a bheith tofa chuig oifig an Uachtaráin.

4. Cathain is gá toghchán a bheith ann?

Ní foláir toghchán don uachtaránacht a reáchtáil laistigh de sheasca lá sula dtéann téarma oifige an Uachtaráin atá ag dul as oifig in éag. Má tharlaíonn folúntas sula mbíonn gnáth-théarma oifige curtha i gcrích reáchtáiltear toghchán laistigh de 60 lá ón tráth a dtarlaíonm folúntas. Déanann an tAire

Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ordú a cheapfaidh an lá deireanach a nglacfar le hainmniúcháin, lá vótaíochta agus an tréimhse vótála, a mhairfidh ar feadh 12 uair an chloig ar a laghad idir 7 a.m. agus 10.30pm

5. Cé a fhéadfaidh vótáil i dtoghchán Uachtaránachta?

Tá breis agus 3.3 mhilliún toghthóir cláraithe i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghchán uachtaránachta. Tá gach saoránach de chuid na hÉireann a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil a n-ainm iontráilte ar chlár na dtoghthóirí i dteideal vótála.

Coinníonn na húdaráis chlárúcháin Clár na dToghthóirí ar bhonn leanúnach (contae, cathair agus comhairlí cathrach agus contae ina ról mar údaráis chlárúcháin faoi na hachtanna toghcháin). Is é an ról atá acu sonraí a chur leis, a bhaint nó a nuashonrú de réir mar is gá chun clár iomlán cruinn na dtoghthóirí a chinntiú. Ceanglaítear ar údaráis chlárúcháin freisin an clár atá i bhfeidhm a fhoilsiú roimh imeacht toghcháin.

Daoine atá i dteideal vótáil i dtoghcháin uachtaránachta nach bhfuil ar an gclár nó a bhfuil a sonraí maidir lena gclárúchán as dáta, is féidir leo sonraí a chlárú nó a nuashonrú go díreach leis an údarás clárúcháin ina bhfuil gnáthchónaí orthu trí fhoirm a chur isteach nó ar líne ag www.checktheregister.ie. Ní mór iarratas chun sonraí sa chlár a chlárú nó a nuashonrú a bheith faighte 15 lá ar a laghad roimh lá na vótaíochta, (seachas an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí) le go mbreithneofar iad don toghchán uachtaránachta sin. Baineann dátaí deiridh éagsúla le hiarratais phoist agus le hiarratais speisialta vótála – féach ailt 10.1 agus 10.2 thíos. Ní bhreithneofar iarratas a gheofar ar nó tar éis an 14ú lá roimh an lá vótaíochta go dtí tar éis lá na vótaíochta.

I gcás nach féidir iarratas a chomhlánú ar líne, nó nuair is fearr le duine foirm pháipéir a chur isteach, is féidir na foirmeacha ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó iad a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Sa chás go bhfuil cónaí ar té i mBaile Átha Cliath agus go bhfuil MyGovID fíoraithe aige féadfaidh siad dul i dteagmháil lena n-údarás clárúcháin trí www.voter.ie.

Déanfaidh an t-údarás clárúcháin iomchuí gach iarratas ar chlárú nó chun sonraí a nuashonrú a mheas agus a chinneadh a luaithe is indéanta, agus i gcás ina ndiúltófar d'iarratas, cuirfear in iúl don duine na cúiseanna atá leis sin agus faoina gceart achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gcláraitheoir contae.

Is féidir le toghthóir achomharc a dhéanamh chuig an gcláraitheoir contae in aghaidh chinntí údaráis clárúcháin. Go hiondúil, ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ó dháta chinneadh an údaráis clárúcháin, ach nuair a bhíonn lá vótaíochta socraithe, athraíonn sé sin. A luaithe agus is féidir tar éis dáta imeachta toghcháin a bheith socraithe, ceanglaítear ar an gCláraitheoir Contae fógra poiblí a thabhairt faoi na dátaí deiridh chun achomharc a fháil i leith an imeachta toghcháin áirithe sin, i gcás postvótáil nó vótáil speisialta, ní bheidh sé seo níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Tá tuilleadh eolais maidir le clár na dtoghthóirí le fáil sa bhileog ar leith "Clár na dToghthóirí" atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing).

6. Iarrthóirí a ainmniú

Ní mór iarrthóir a bheith ainmnithe ag ceachtar díobh seo a leanas:

(a) fiche comhalta den Oireachtas (Parlaimint) ar a laghad, **nó**

(b) 4 chomhairle cathrach agus/nó chomhairle contae agus/nó cathrach agus contae ar a laghad.

Ní ceadmhach do chomhalta den Oireachtas nó comhairle contae ná comhairle cathrach níos mó ná iarrthóir amháin a ainmniú in aon toghchán. Féadfaidh iarUachtarán nó Uachtarán atá ag dul ar scor é féin nó í féin a ainmniú mar iarrthóir. Ní mór ainmniúcháin a bheith ar pháipéar ainmniúcháin forordaithe agus ní mór iad a sheachadadh chuig an gceann comhairimh uachtaránachta (féach alt 9 thíos), faoin 12 meán lae an lá deiridh ar féidir glacadh le hainmniúcháin. Is féidir le hiarrthóirí grianghraf díobh féin a bheith ar an bpáipéar ballóide ach grianghraf a chur ar fáil lena n-ainmniúchán san fhormáid a shonraítear.

Ag 3 p.m. an lá deiridh a nglacfar le hainmniúcháin rialaíonn an ceann comhairimh uachtaránachta i dteannta le measúnóir breithiúnach arb é Uachtarán na hArd-Chúirte é nó í nó a bheidh ina bhreitheamh nó ina breitheamh eile den Ard-Chúirt a bheidh ainmnithe ag Uachtarán na Cúirte ar bhailíocht na n-ainmniúchán a fhaightear. Ní mór do gach iarrthóir ionchasach nó ionadaí dá chuid nó dá cuid freastal ar rialú na n-ainmniúchán agus ní mór gach eolas ábhartha a éilíonn an ceann comhairimh uachtaránachta nó an measúnóir breithiúnach a thabhairt ar aird.

Agus scrúdú déanta ag an gceann comhairimh uachtaránachta na páipéir ainmniúcháin ar fad, rialaíonn sé nó sí maidir leo agus fionnann sé nó sí cé a bhíonn ainmnithe go bailí. Ní mór don cheann comhairimh uachtaránachta cur i gcoinne na tuairisce ar iarrthóir atá, ina thuairim nó ina tuairim, mícheart, neamhdhóthanach chun an t-iarrthóir a aithint, nó ró-fhada. Is féidir leis an iarrthóir, lena ionadaí nó lena hionadaí údaraithe nó leis an gceann comhairimh, na sonraí a léirítear ar pháipéar ainmniúcháin a leasú. Is féidir le hiarrthóir achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt maidir le rialú an chinn chomhairimh uachtaránachta ar bhailíocht ainmniúcháin nó i ndáil le hincháilitheacht iarrthóra.

Is féidir le hiarrthóir tarraingt siar ag tráth ar bith sula gcuirtear rialú na n-ainmniúchán i gcrích, ach ní féidir sin a dhéanamh ina dhiaidh sin. Mura mbeidh aon iarrthóir ainmnithe nó má tharraingíonn na hiarrthóirí ar fad siar, cuirtear tús le himeachtaí i ndáil leis an toghchán arís. Mura mbíonn ach iarrthóir amháin ainmnithe fógraíonn an ceann comhairimh uachtaránachta go bhfuil an

t-iarrthóir sin tofa. Má bhíonn beirt iarrthóirí nó níos mó ainmnithe bíonn vótaíocht ann.

7. Postas saor in aisce d'iarrthóirí

Tá gach iarrthóir i dtoghchán uachtaránachta i dteideal litir amháin toghcháin a sheoladh saor ó tháillí postais chuig gach teaghlach. Íocann an Stát costas na háise seo agus tá sonraí ábhartha ag am toghcháin ar fáil ó An Post.

8. Gníomhairí toghcháin a cheapadh

Sula dtabhaíonn sé aon speansais toghcháin, ní mór do gach iarrthóir gníomhaire toghcháin, ar a dtugtar an gníomhaire toghcháin uachtaránachta, a cheapadh chun cabhrú leis an iarrthóir go ginearálta i ndáil leis an toghchán, chun cuntas a thabhairt ar an gcaiteachas a thabhaigh an t-iarrthóir sa toghchán nó a thabhaíonn sé thar ceann an iarrthóra sa toghchán agus chun síntiúis arna bhfáil ag an iarrthóir nó thar ceann an iarrthóra a nochtadh (féach ailt 15 agus 16 thíos). Ní mór ceapachán an ghníomhaire toghcháin uachtaránachta ag an iarrthóir a bhféadfadh sé gurb e nó í an t-iarrthóir féin a bheadh ann, a dhéanamh ag tráth nach déanaí ná an lá deiridh chun ainmniúcháin a fháil agus a chur in iúl don cheann comhairimh uachtaránachta.

Féadfaidh iarrthóir nó an gníomhaire toghcháin uachtaránachta gníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach toghcheantar Dála chun cabhrú leis an iarrthóir sa toghcheantar agus chun gníomhú mar ionadaí sa toghcheantar don ghníomhaire toghcháin uachtaránachta. Féadfaidh iarrthóir nó an gníomhaire toghcháin uachtaránachta nó an gníomhaire áitiúil leas-ghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach ceantar vótaíochta chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótaíochta agus chun gníomhú mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta agus do ghníomhaire áitiúil an iarrthóra sa cheantar vótaíochta. Ní mór don té a cheapann gníomhaire áitiúil nó leas-ghníomhaire áitiúil, an ceapachán a chur in iúl don cheann comhairimh i scríbhinn.

9. An vótaíocht

Is é nó í an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapann ceann comhairimh uachtaránachta a bhíonn freagrach as ainmniúcháin, as an gcomhaireamh agus as an toradh a fhógairt. Is é nó í an ceann comhairimh Dála do dháilcheantar (i.e. sirriam nó cláraitheoir contae) an ceann comhairimh áitiúil don dáilcheantar i dtoghchán uachtaránachta. Tá an tír roinnte sna dáilcheantair céanna is a bhíonn i dtoghchán Dála.

Tá an ceann comhairimh áitiúil freagrach as na socruithe vótaíochta sonracha i ngach dáilcheantar. Caithfidh sé nó sí cárta faisnéise vótaíochta a sheoladh chuig na toghthóirí uachtaránachta ar fad, á gcur ar an eolas maidir lena n-uimhir ar chlár na dtoghthóirí uachtaránachta agus maidir leis na stáisiúin vótaíochta ar féidir leo vótáil iontu. Déanann an ceann comhairimh áitiúil na socruithe riachtanacha vótála freisin le haghaidh na bpostvótálaithe agus na vótálaithe speisialta.

Is iad na comhairlí contae nó na comhairlí cathrach nó na comhairlí cathrach agus contae a cheapann na hionaid vótaíochta. Cuireann an ceann comhairimh stáisiúin vótaíochta ar fáil i ngach ionad vótaíochta áitiúil - úsáidtear scoileanna nó foirgnimh phoiblí de ghnáth. Bíonn gach stáisiún vótaíochta á mhaoirsiú ar an lá vótaíochta ag oifigeach ceannais le cúnamh ó chléireach vótaíochta. Is féidir le gníomhaire pearsanaíochta a chuidíonn le cosc a chur ar chionta toghcháin ionadaíocht a dhéanamh ar gach iarrthóir ag stáisiún vótaíochta.

10. Socruithe vótála malartacha

Go ginearálta, vótálann toghthóirí go pearsanta ag a stáisiún vótaíochta áitiúil, ach i gcásanna áirithe tá na socruithe vótála eile seo a leanas ar fáil.

10.1 Liosta Vótálaithe Poist

Registration Ullmhaíonn agus coimeádann údaráis chlárúcháin liosta postvótálaithe mar chuid de chlár na dtoghthóirí. Teastaíonn faisnéis bhreise,

doiciméadú nó deimhniúchán le hiarratais ar vótáil phoist – athraíonn na ceanglais ag brath ar chúis an iarratais agus leagtar amach iad ar an bhfoirm iarratais ábhartha.

Ní mór na catagóirí té seo a leanas a **chlárú** mar phostvótálaithe:

- baill lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann - is féidir comhaltaí a bhfuil cónaí orthu i mbeairic mhíleata a chlárú ag an mbeairic nó ag a seoladh baile; agus
- Taidhleoirí Éireannacha arna bpostáil thar lear agus a gcéilí/páirtnéirí sibhialta - tá siad cláraithe ag a seoladh baile in Éirinn.

Féadfaidh na catagóirí daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh ar chlárú mar phostvótálaithe:

- comhaltaí den Gharda Síochána (fórsa póilíneachta);
- daoine a chónaíonn sa bhaile nach bhfuil in ann dul go dtí an stáisiún vótaíochta chun vótáil mar gheall ar tinneas nó míchumas;
- daoine ar dócha go gcuirfeadh a slite beatha bac orthu vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil ar lá an toghcháin, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile agus atá ina gcónaí in áit eile le linn dóibh a bheith ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát (*faoin socrú seo, cuirtear páipéar ballóide sa phost chuig an toghthóir sa bhaile agus ní mór dó/di socrú a dhéanamh go bhfinneoidh Garda a dhearbhú nó a haitheantas sula ndéanfaidh sé an páipéar ballóide a mharcáil agus é a chur ar ais leis an bpost chuig an gceann comhairimh.*);
- toghthóirí nach bhfuil ar a gcumas vótáil ag a stáisiún vótaíochta mar gheall ar imthosca a gcoinneála sa phríosún de bhun ordú na cúirte;
- baill foirne toghcháin áirithe atá fostaithe ag stáisiún vótaíochta lasmuigh den toghcheantar ina bhfuil cónaí orthu; agus
- té a mheasann go mbeadh a sábháilteacht, nó sábháilteacht duine dá dteaghlach i mbaol dá bhfoilseofaí a n-ainm agus a seoladh, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun bheith ina dtoghthóir gan ainm – ní fhéadfaidh na toghthóirí sin vótáil ach tríd an bpost.

Is féidir iarratas ar áireamh ar liosta na bpostvótálaithe a dhéanamh ag am ar bith a luaithe a bheidh an toghthóir incháilithe le cur ar liosta na bpostvótálaithe, áfach, is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta poist a fháil maidir le hócáid toghcháin ar leith ná:–

- dhá lá tar éis dáta lánscoir na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála;
- i gcás toghcháin Uachtaránachta, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifrinn ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin dhá lá is fiche ar a laghad roimh lá na vótaíochta (seachas an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí).

I gcás ina bhfaightear iarratas tar éis an ama sin ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis dáta imeachta toghcháin a bheith socraithe, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deiridh chun achomharc a fháil i leith an imeachta toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí poist, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 laethanta níos déanaí ná an lá deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Ní fhéadfaidh toghthóir atá cláraithe mar phostvótálaí vótáil tríd an bpost amháin agus ní fhéadfaidh sé vótáil ag stáisiún vótaíochta.

10.2 Liosta Vótálaithe Speisialta

Ullmhaíonn údaráis chlárúcháin liosta freisin de vótálaithe speisialta comhdhéanta de thoghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu a chuireann cosc orthu dul go stáisiún vótaíochta chun vótáil agus atá ina gcónaí in ospidéil, i dtithe altranais, i saoráidí meabhairshláinte nó in institiúidí dá samhail ar mian leo vótáil sna láithreacha sin. I gcás an chéad iarratais ní mór teastas ó lia-chleachtóir cláraithe (cosúil le liachleachtóir ginearálta) a chur leis.

Féadfar iarratas a dhéanamh tráth ar bith a luaithe a bheidh an toghthóir incháilithe le cur ar an liosta vótálaithe speisialta, áfach, is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta speisialta a fháil i leith ócáid toghcháin ar leith ná –

- dhá lá tar éis dáta lánscoir na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála;
- i gcás toghcháin Uachtaránachta, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifrinn ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin dhá lá is fiche ar a laghad roimh lá na vótaíochta (seachas an Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí).

I gcás ina bhfaightear iarratas tar éis an ama sin ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis dáta imeachta toghcháin a bheith socraithe, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deiridh chun achomharc a fháil i leith an imeachta toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí speisialta, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 laethanta níos déanaí ná an lá deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Vótálann toghthóirí ar an liosta vótálaithe speisialta san ospidéal, sa teach altranais, i saoráidí meabhairshláinte nó in institiúid dá samhail, áit a bhfuil cónaí orthu trí pháipéar ballóide a mharcáil arna sheachadadh orthu ag oifigeach ceannais speisialta in éineacht le Garda.

I gcás eisceachtúil nach bhfuil an t-ospidéal, an teach altranais, an tsaoráid meabhair-shláinte nó foras dá samhail de chuid an vótálaí speisialta inrochtana don oifigeach ceannais speisialta, féadfaidh an ceann comhairimh nósanna imeachta vótála speisialta a chur i bhfeidhm, amhail postvóta a eisiúint chuig na vótálaithe speisialta lena mbaineann.

Is féidir toghthóirí faoi mhíchumas fisiceach a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótaíochta áitiúil a údarú chun vótáil ag stáisiún níos inrochtana sa dáilcheantar trí iarratas a dhéanamh chuig a gceann comhairimh áitiúil nach lú ná **seacht** lá roimh lá na vótaíochta.

Leagtar amach i mbileog ar leith sa tsraith seo faisnéis do vótálaithe faoi mhíchumas.

11. Vótáil

Toghtar an tUachtarán trí vótáil dhíreach na ndaoine. Caitear vótaí trí rúnbhallóid ar an gcóras aonghutha inaistrithe. Cuireann an córas ar chumas an toghthóra a chéad nó a céad rogha agus na roghanna ina dhiaidh sin a chur in iúl ar an bpáipéar ballóide. Tá foirm an pháipéir bhallóide forordaithe le dlí. Léirítear ainmneacha na n-iarrthóirí in ord aibítre agus ní thugtar cleamhnachtaí polaitiúla ar bith.

Déanann an toghthóir iarratas ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótaíochta, trí a chuid nó a cuid ainm agus a seoladh a lua. B'fhéidir go mbeadh ar an toghthóir cruthúnas céannachta a chur ar fáil agus má mhainníonn sé nó sí sin a dhéanamh, ní bheidh cead aige nó aici vóta a chaitheamh. I gcás gur deimhin leis an oifigeach ceannais céannacht an toghthóra, stampáiltear marc oifigiúil ar an bpáipéar ballóide agus tugtar don toghthóir é.

Caitheann an toghthóir vóta go rúnda i mboth vótála. Léiríonn vótálaí ord a rogha trí 1 a scríobh trasna ó ainm an chéad rogha, agus más mian leis nó léi 2 trasna ó ainm an dara rogha, 3 trasna ó ainm an tríú rogha agus mar sin de. Ar an tslí sin treoraíonn an vótálaí an ceann comhairimh an vóta a aistriú chuig iarrthóir an dara rogha má bhíonn an chéad rogha curtha as an iomaíocht. Má tharlaíonn an rud céanna leis an dara rogha, is féidir an vóta a aistriú chuig an tríú rogha agus mar sin de. Filleann an vótálaí an páipéar ballóide ionas nach bhfeicfear an vóta a caitheadh agus cuireann sé nó sí i mbosca ballóide séalaithe é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin sa toghchán.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais nó compánach cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas coirp nó radhairc nach féidir leo vótáil gan chúnamh. Féadfaidh daoine le lagú radhairc Teimpléad Páipéar Ballóide (atá ar fáil i ngach stáisiún vótála) a úsáid chun a vóta a chaitheamh. Is gléasanna iad seo ar féidir iad a cheangal de pháipéar ballóide chun le cur ar chumas vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu vótáil faoi rún.

Oibríonn an Teimpléad Páipear Ballóide i gcomhar le huimhir Shaorghlao - 1800 a chuireann in iúl don éisteoir na hiarrthóirí a chomhfhreagraíonn leis na huimhreacha ar an Teimpléad Páipear Ballóide. Beidh an uimhir Shaorghlao

ar fáil do vótálaithe a bhfuil sé ar intinn acu an teimpléad a úsáid, chomh luath agus is féidir i ndiaidh thréimhse fála na n-ainmniúchán le haghaidh na dtoghchán suas go lá na vótála, agus lá na vótála san áireamh.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais gabháil d'aon duine a bhfuil amhras air/uirthi cion toghcháin a dhéanamh amhail pearsanú, cur isteach ar an mbosca ballóide nó páipéar ballóide a scriosadh.

12. An comhaireamh

Déantar na vótaí a chomhaireamh sna dáilcheantair aonair. Cuirtear tús leis an gcomhaireamh ag 9 a.m. an lá i ndiaidh an lá vótaíochta. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcomparáid le tuairisceán a chuireann gach oifigeach ceannais ar fáil. Sórtáiltear na páipéir de réir na vótaí céad rogha a thaispeáintear orthu agus cuirtear an líon vótaí céad rogha a thaifeadtar do gach iarrthóir in iúl don cheann comhairimh uachtaránachta. Is é an t-oifigeach sin a ríomhann an cuóta (an líon vótaí atá riachtanach don toghchán). Le post amháin le líonadh, is é an cuóta ná caoga faoin gcéad de na vótaí bailí móide a haon. Má bhíonn an líon vótaí a fhaigheann iarrthóir comhionann leis an gcuóta nó má bhíonn sé níos airde ná an cuóta fógraítear go bhfuil sé nó sí tofa.

Mura mbaineann iarrthóir ar bith an cuóta amach tugann an ceann comhairimh uachtaránachta treoir do na cinn chomhairimh áitiúla an t-iarrthóir a bhfuil an líon is lú vótaí aige nó aici a chur as an iomaíocht agus a chuid nó a cuid vótaí a aistriú de réir an chéad rogha eile a léirítear orthu agus an toradh a chur in iúl don cheann comhairimh uachtaránachta. Ní mór an bheirt iarrthóirí nó níos mó is lú a bhfuil vótaí acu a chur as an iomaíocht le chéile nuair a bhíonn suim a gcuid vótaí níos lú ná líon na vótaí atá ag an gcéad iarrthóir eile is lú vótaí. Leanann an próiseas maidir le hiarrthóirí a chur as an iomaíocht agus a gcuid vótaí a aistriú ar aghaidh go dtí go mbíonn a dhóthain nó a dóthain vótaí ag iarrthóir amháin le bheith tofa. Fógraíonn an ceann comhairimh uachtaránachta go bhfuil an t-iarrthóir sin tofa. Tá iarrthóir i dteideal ionadaithe dá chuid nó dá

cuid a bheith i láthair ag comhaireamh vótaí i ngach Dáilcheantar agus nuair a bhíonn an ceann comhairimh uachtaránachta ag fionnadh toradh an toghcháin.

Ag deireadh aon chomhairimh i ndáilcheantar, beidh iarrthóir nó a chuid nó a cuid gníomhaire i dteideal go ndéanfaidh an ceann comhairimh áitiúil na beartáin de pháipéir bhallóide go léir a ndéileálfar leo ag an gcomhaireamh sin a athscrúdú agus a athchomhaireamh. Nuair a bhítear ag fionnadh toradh an toghcháin tá an t-iarrthóir nó a chuid nó a cuid gníomhaire i dteideal go ndéanfaí na vótaí ar fad a caitheadh sa toghchán a athscrúdú agus a athchomhaireamh.

13. Achainí toghcháin Rochtain ar an gcúirt má bhíonn díospóid ann faoi thoradh toghcháin

Is féidir toradh toghcháin uachtaránachta a cheistiú trí achainí a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, arna thíolacadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag an iarrthóir nó ag gníomhaire iarrthóra sa toghchán. Ní féidir achainí a thíolacadh ach amháin má thugann an Ard-Chúirt cead, le hordú, do dhuine é sin a dhéanamh. Ní mór iarratas a dhéanamh ar chead achainí a thíolacadh laistigh de sheacht lá ó fhógraítear toradh an toghcháin.

Bíonn ar an Ard-Chúirt toradh ceart an toghcháin a chinneadh ag an triail maidir le hachainí toghcháin, agus d'fhéadfadh an Ard-Chúirt ordú a thabhairt na vótaí a athchomhaireamh nó an vótaíocht a reáchtáil arís i ndáilcheantar ar bith, chun na críche sin, nó d'fhéadfadh sé an toghchán a fhógairt neamhbhailí, agus sa chás sin reáchtáilfear toghchán nua. Tá cinneadh na hArd-Cúirte críochnaitheach, faoi réir ag achomharc chuig an gCúirt Uachtarach ar cheist dlíagus sin amháin.

14. Dul i mbun Oifige

Téann an tUachtarán nua-thofa i mbun oifige an lá tar éis dheireadh théarma oifige an Uachtaráin atá ag dul as oifig, agus bíonn sé nó sí in oifig ar feadh seacht mbliana ón dáta sin.

15. Síntiúis pholaitíochta

Tá luach na síntiús ar féidir le hiarrthóirí, lena ngníomhairí toghcháin agus le tríú páirtithe glacadh leo i dtoghchán uachtaránachta rialaithe le dlí. I gcás iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin uachtaránachta is é an síntiús is mó ar féidir leo glacadh leis ó dhuine (nó ó chomhlacht) i mbliain amháin faoi leith ná €1,000. I gcás tríú páirtí, is é an síntiús is mó ar féidir glacadh leis ná €2,500. Tá cosc ar shíntiúis a ghlacadh ó shaoránaigh neamh-Éireannacha, a bhfuil cónaí orthu thar lear.

Bíonn ar ghníomhaire toghcháin uachtaránachta gach iarrthóra, (féach alt 8 thuas) ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, laistigh de 56 lá ón lá vótaíochta a léiríonn cibé an bhfuair an t-iarrthóir sa toghchán síntiúis os cionn €600, nó an bhfuarthas síntiúis den sórt sin thar a cheann nó thar a ceann agus a thugann mionsonraí maidir le haon síntiús den sórt sin agus na daoine a thug na síntiúis uathu. Chomh maith leis sin ní mór d'iarrthóir, do ghníomhaire toghcháin uachtaránachta nó tríú páirtí a fhaigheann síntiús os cionn €100 chun críocha polaitíochta cuntas síntiús polaitíochta a oscailt a gcaithfidh gach idirbheartaíocht maidir le síntiúis dul tríd ó osclaítear an cuntas suas go an lá vótaíochta. Ní mór ráiteas ón bhforas airgeadais a shonraíonn na hidirbheartaíochtaí a tharla sa chuntas chomh maith le deimhniú ag lua gur taisceadh gach síntiús sa chuntas agus gur úsáideadh iad chun toghadh an iarrthóra a chur chun cinn, a bheith ag gabháil leis. Tá tuilleadh eolais ar na forálacha seo le fail ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (www.sipo.gov.ie).

16. Caiteachas toghcháin

Forálann an tAcht Toghcháin (Leasú) 2011 do theorainn €750,000 in aghaidh gach iarrthóir a chur le caiteachas i dtoghchán uachtaránachta. Ní féidir ach leis an ngníomhaire toghcháin uachtaránachta (féach alt 8 thuas) nó le duine a bhíonn údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin uachtaránachta costais toghcháin a thabhú. Bíonn an gníomhaire toghcháin uachtaránachta

freagrach as caiteachas a thabhaítear thar ceann an iarrthóra. Meastar aon chaiteachas a thabhaíonn páirtithe polaitíochta nó comhlachtaí agus iad ag tacú le hiarrthóireacht an iarrthóra a bheith tabhaithe thar ceann an iarrthóra agus ní mór do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra a bheith cuntasach don chaiteachas sin.

Bíonn ar ghníomhaire toghcháin uachtarántachta gach iarrthóir ráiteas, i scríbhinn, de na costais ar fad a tabhaíodh i ndáil leis an toghchán a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí laistigh de 56 lá den lá vótaíochta sa toghchán. Cuirtear cóip den ráiteas sin an Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

Forálann an tAcht Toghcháin (Leasú) 2011 freisin gur féidir le hiarrthóir a thoghtar nó a fhaigheann breis agus aon cheathrú den chuóta aisíoc a lorg ar a gcuid costas – costais iarbhír nó €200,000, cibé acu is isle. Tá breis eolais ar na forálacha seo le fail ó an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (www.sipo.ie).

17. Sealbhóirí Oifig an Uachtaráin

Bhí naonúr i seilbh na hoifige mar Uachtarán na hÉireann – Dúghlas de hÍde (1938-45), Seán T Ó Ceallaigh (1945-59), Eamon de Valera (1959-73), Erskine Childers (1973-74), Cearbhall O Dálaigh (1974-76), Pádraig Ó hIrghile (1976-90), Máire Mhic Róibín (1990-97), Máire Mhic Giolla Íosa (1997-2011) agus Michael D Higgins (2011-).

18. Dlí toghcháin Uachtaránachta

Tá an dlí a bhaineann le toghadh an Uachtaráin le fáil go príomha sna forálacha dlí seo a leanas, arna leasú:

- mBunreacht na hÉireann
- An tAcht Toghcháin 1992
- An tAcht Toghchán an Uachtaráin 1993
- An tAcht Toghcháin 1997

- An tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022

19. Bileoga eile

Seo a leanas bileoga eile sa tsraith seo atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.gov.ie/tithiocht

- An Reifreann in Éirinn
- An tSlí a dToghtar an Dáil (Teach na nIonadaithe)
- An tSlí a dToghtar an Seanad
- Parlaimint na hEorpa: An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann
- A tSlí a dToghtar Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil
- Clár na dToghthóirí
- Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas

AN ROINN TITHÍOCHTA, RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA

Bealtaine 2023

gov.ie/ tithiocht